# CARGHAS 2022 | Todhchaí Níos Fearr

**'Bronnann an 'Ár nAthair' neart, dóchas agus misneach nuair a bhíonn sé crua orm.'**

**(Thandekile)**



Trócaire

# CLÁR AN ÁBHAIR


| | |
|---|---|
| **Conas an Leabhrán seo a Úsáid** | **3** |
| **Maidir le Trócaire** | **4** |
| **Carghas 2022** | **5** |
| **Maidir leis an tSiombáib** | **5** |
| **Seo iad Thandekile, Nomatter agus Forward** | **7** |
| **Comhpháirtíocht: Caritas Bulawayo** | **9** |
| **Seo iad an tArd-Easpag Alex & an tAthair Innocent** | **10** |
| **An Paróiste Gníomhach: Spriocanna Laudato Si'** | **12** |




Ullmhaíonn Thandekile dinnéar an teaghlaigh taobh amuigh. Grianghraf: Cynthia Matonhodze, Trócaire

# CONAS AN LEABHRÁN SEO A ÚSÁID

Tríd síos sa leabhrán seo cuirfimid aithne ar theaghlaigh agus ar phobail áitiúla sa tSiombáib, áit ina n-oibríonn Trócaire le gníomhaireachtaí áitiúla.

Cuireadh an acmhainn seo le chéile le go mbeadh breis eolais ag grúpaí na bparóistí agus ag baill an phobail mar gheall ar Trócaire agus ar fheachtas an Charghais.

Foghlaimeoimid mar gheall ar Thandekile agus an chlann, atá ag déileáil le dúshláin an athraithe aeráide agus an triomaigh le tamall de bhlianta anuas, agus a d'fhulaing go mór ó Covid-19. Feicfimid conas mar a thug siad aghaidh ar na dúshláin seo le neart, le dóchas agus le misneach. Cloisfimid freisin ó chomhpháirtithe Trócaire; Caritas Bulawayo.

Tá gníomhaíochtaí sa leabhrán a d'úsáidfí leis an ngrúpa liotúirgeach, le heagrais an pharóiste nó le daoine indibhidiúla i measc an phobail:

- Spriocanna Laudato Si': An Paróiste Gníomhach
- Leabhar Urnaí

Tuigimid go maith go mbraitheann an dearcadh a bhíonn ag daoine indibhidiúla ar chúrsaí domhanda, go mór ar an taithí shaoil a bhíonn acu féin. Mar sin molaimid go ndéanfá mionathruithe ar an ábhar seo má cheapann tú go mbeadh drochthionchar ag rud ar bith anseo ar ghrúpaí nó ar dhaoine leochaileacha.

Bí cinnte faoi go gcloítear le treoracha reatha Covid-19 i do dhúiche féin nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí in úsáid agaibh.

Bíonn foireann Trócaire ar fáil le cabhair a sholáthar maidir leis an ábhar seo a úsáid ar bhealach sábháilte agus ag cloí le treoirlínte an rialtais.

Tá ábhar don Charghas, an Leabhar Urnaí, Acmhainn Oideachais Reiligiúnach do Pháistí, nótaí aithisc, machnaimh agus Turas na Croise ar fáil anseo.

Tabhair faoi deara go mbíonn taithí shaoil éagsúla ar fud na Siombáibe. Déan gach iarracht gan steiréitíopaí diúltacha a threisiú ar bhur mbealach tríd an ábhar.

Goilleann an triomach, an t-athrú aeráide agus an chailliúint ar an teaghlach seo, ach ní amhlaidh don uile dhuine a chónaíonn sa tSiombáib. Ba mhaith an rud é dá bhféadfaí eilimintí deimhneacha na tíre a lua nuair is féidir. Tá cuid mhaith tír eile in ilchríoch na hAfraice seachas an tSiombáib. Ná cuir síos ar na teaghlaigh seo go gcónaíonn siad san Afraic. Spreag na daoine sa bhaile, sa pharóiste nó ar scoil le gúgláil a dhéanamh ar an tSiombáib agus cúig fhíoras a lorg mar gheall ar an tír, sula gcuirtear tús le gníomhaíocht ar bith. Cuir béim ar ilchineálacht na tíre, agus ar ghnéithe deimhneacha an chultúir. Cuir na fíorais thuas i gcomparáid le fíorais chomhfhreagracha na hÉireann.



Cothaíonn na páistí na cearca ag teach Thandekile. Grianghraf: Cynthia Matonhodze, Trócaire

# MAR GHEALL AR TRÓCAIRE

## Bunaíodh Trócaire i 1973 mar ghníomhaireacht fhorbartha thar lear na hEaglaise Caitlicí in Éirinn.




Bunaíodh an eagraíocht mar fhreagairt ar an mbearna a bhí ag méadú idir lucht an rachmais agus na bochtáin, toisc go bhfuil sé de dhualgas orainn ar fad an bhearna sin a laghdú. Tá Trócaire fréamhaithe i bprionsabail an teagaisc sóisialta Caitlicigh, atá bunaithe ar an gcreideamh atá ionainn go mbíonn a phlean féin ag Dia maidir le ríocht na síochána an ghrá agus an chirt a thógáil ar domhan. Tá sé ráite go láidir agus go húdarásach ag easpaig na hÉireann i mbunreacht Trócaire: 'Ní féidir linn a rá go bhfuil grá do Dhia ionainn mura mbíonn grá don chomharsa ionainn.' Arsa Naomh Eoin linn, "Fágaim síochán agaibh, tugaim mo shíochán daoibh. Ná bíodh bhur gcroí buartha agus ná bíodh eagla air'. Tá Trócaire ag obair le heagrais áitiúla ón uair a bunaíodh é. Tá an chomhpháirtíocht ag croílár obair Trócaire. Oibrímid le heagrais áitiúla creidimh agus le neamhchreidmhigh a roinneann ár gcuid luachanna saoil, agus a bhíonn ag saothrú ar an ábhar lárnach seo lena mbainimid: cumhachtú na mban, cearta ar acmhainní, ullmhacht dhaonnúil agus freagairt. Tuigeann na heagrais seo riachtanais na bpobal dúchasach agus is acusan a bhíonn an chumhacht maidir le comhoibriú leis an bpobal agus athrú inbhuanaithe fadtéarmach a chur i gcrích.

An ról atá ag Trócaire ná cúnamh airgid, comhairle theicniúil agus forbairt eagraíochta a chur ar fáil.

Dé réir prionsabal an teagaisc shóisialta Caitlicigh, bímid ag comhoibriú le creidmhigh agus le neamhchreidmhigh chomh maith. Bronnann Trócaire agus a chomhpháirtithe an neart, an dóchas agus an misneach ar dhaoine ar fud an domhain a fhulaingíonn ón mbochtaineacht agus ón éagóir.

Leagann an Pápa Proinsias an-bhéim ar thábhacht an mhuintearais agus na hidircheangailteachta daonna, san imlitir thréadach *Fratelli Tutti*. Feicfear



a leithéid i ngníomh i rith an Charghais, in obair ár gcomhpháirtithe Caritas Bulawayo.

Ag glacadh le briathra an Phápa Proinsias agus le Soiscéal Eoin, iarraimid oraibh i gcomhar le grúpaí nó le pobal an pharóiste, an acmhainn seo a léamh agus a roinnt, agus freagairt a thabhairt air agus muid ag glacadh go lúcháireach leis an tuiscint atá againn gur féidir rud ar bith a dhéanamh le cabhair ghrásta Dé.

# CARGHAS 2022

**Easpa Bia – Gá le Neart, le Dóchas agus le Misneach**

I rith an Charghais cloisfimid faoi na pobail a bhí faoi bhrú ón triomach agus ón easpa bia a tharla de bharr an athraithe aeráide, gur chuir Covid-19 isteach go mór orthu.

Tugtar faoi deara gur chuir Covid-19 isteach go mór ar na slite beatha agus ar rochtain ar oideachas agus ar shlándáil bia. Tuigimid go maith anseo in Éirinn an tionchar a bhí ag Covid-19 ar an bpobal. Tabharfaidh scéal Thandekile agus na páistí Forward agus Nomatter a chónaíonn sa tSiombáib, breis eolais dúinn faoi thionchar na paindéime.



Caitheann Thandekile agus na páistí Forward (8) agus Nomatter (11), clúdaigh aghaidh de bharr na géarchéime Covid-19. Grianghraf: Cynthia Matonhodze, Trócaire

# MAIDIR LEIS AN tSIOMBÁIB

## Is tír talamhiata í an tSiombáib (Poblacht na Siombáibe go hoifigiúil), in oirdheisceart na hAfraice, idir na haibhneacha Zambezi agus Limpopo.

Tá teorainneacha aici leis an Afraic Theas ó dheas, an Bhotsuáin san iardheisceart, an tSaimbia ó thuaidh agus Mósaimbíc san oirthear. Is é Harare an phríomhchathair agus an chathair is mó, agus Bulawayo an dara chathair is mó sa tír. Tá sé theanga dhéag oifigiúla sa tír. Is iad an Béarla, Shona agus Ndebele na cinn is mó a labhraítear.


Cónaíonn 14.65 milliún duine sa tSiombáib agus áirítear í mar uimhir 150 as 189 tír ar an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna. Baineann 67 % de na hoibrithe leis an talmhaíocht ach cuireann na tuilte agus an triomach breise a tharla le blianta beaga anuas isteach ar chumas na ndaoine go leor bia a fhás le go gcothófaí iad.

Tharla easpa agus neamhshlándáil bia de bharr Covid-19. Sa bhliain 2020, bhain neamhdhaingne bhia le 75% de theaghlaigh thuaithe, i gcomparáid le 42% sa bhliain 2019. Dúnadh na teorainneacha leis an Afraic Theas agus leis an mBotsuáin agus chiallaigh sé sin nach bhféadfadh na Siombábaigh a bhí ag obair sna tíortha sin airgead a chur abhaile chuig na gaolta ionas gur chaill daoine a gcuid post sa tSiombáib. Bhíothas dóchasach tráth faoin tSiombáib a bheith mar sheoid na hAfraice, ach chuir na géarchéimeanna eacnamaíocha agus an t-athrú aeráide isteach orthu, agus níor chabhraigh an mhíshocracht pholaitiúil ná an Covid-19 leo ach oiread.

Tá tionchar agus éifeacht as an ngnáth ag an Eaglais i saol sibhialta na Siombáibe. Bíonn ionadaíocht aici ag gach aon leibhéal go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus i measc an phobail i ngach aon bhaile nó sráidbhaile. Níl sárú ar an chluas le héisteacht a tugtar don Eaglais i measc lucht déanta polasaithe agus socraithe ag gach aon leibhéal. Tá gaol láidir ag an eaglais leis na ceannairí traidisiúnta áitiúla i measc phobal na tuaithe.

Is é Zimbabwe Heads of Christian Denominations (ZHOCD) an grúpa de na ceithre eagraíocht is mó tábhachtacha atá mar ionadaithe do 77.2% den phobal Siombábach. (UNFPA Suirbhé Déamagrafach, 2017).

Is iad **Zimbabwe Council of Churches (ZCC)**, **Zimbabwe Catholic Bishops' Conference (ZCBC)**, **Evangelical Fellowship of Zimbabwe (EFZ)** agus an **Union for Development of Apostolic Churches in Zimbabwe (UDACIZA)**, baill ZHOCD. Feidhmíonn sé sin mar aontas lárnach a chomhaontaíonn an Eaglais Chríostaí ó thaobh polasaithe agus spriocanna de.




Tá stádas leithleach ag an Eaglais sa tír dá bharr, agus seasann Trócaire gualainn ar ghualainn mar pháirtí leis na heagrais eaglaise ó thaobh tionscadail thábhachtacha a bhaineann lena chuid oibre a reáchtáil. Le cabhair uaibhse, agus ag tacú lenár gcomhpháirtithe, bímid ag cabhrú leis na daoine bochta ar an imeall a chónaíonn sa tSiombáib. Cabhraímid le muintir na tuaithe ó thaobh táirgeadh bia a fheabhsú. Bímid gníomhach na mná a chosaint ón bhforéigean agus le guth níos láidre a bheith acu i gcúrsaí an tsaoil. Bíonn ár gcuid comhpháirtithe ag obair le cosantóirí chearta an duine agus iad ag coimeád an rialtais, cuntasach as a chuid gníomhartha. Tá Trócaire ag obair lena chuid páirtithe sa tSiombáib ón uair a rinneadh poblacht de sa bhliain1980. Tacaíonn na cláir seo leis na teaghlaigh agus leis an bpobal:

- Obair faoi chearta an duine
- Foréigean ar bhonn inscne agus Clár Creidimh SASA
- Éadaingne bia agus an t-athrú aeráide
- Agra-éiceolaíocht
- Tionchar Covid-19

Reáchtálann páirtithe Trócaire, Caritas Bulawayo, gairdíní pobail inar féidir leis na daoine áitiúla glasraí a chur, síolta a stóráil agus eolas a fháil maidir le bealaí plandála agus bainistíocht dobhardhroma. Cuirtear traenáil ar fáil chomh maith faoi fheasacht ar Covid-19.

| Tionchar obair Trócaire sa tSiombáib | Thacaigh deontóirí Trócaire le 160,000 duine sa bhliain 2020 |
|---|---|
| Cabhair dhaonnúil | 25,000 duine |
| Cláir chearta an duine | 65,000 duine |
| Cláir tacaíochta cumhachtú na mban | 49,000 duine |
| Uisce glan agus táirgeadh bia acmhainneach ar athrú aeráide | 21,000 bean |



Thandekile leis na páistí am dinnéir agus í le grianghraf den fhear céile Donovan nach maireann. Grianghraf: Cynthia Matonhodze, Trócaire

# SEO IAD THANDEKILE, NOMATTER AGUS FORWARD

Bean bliain is tríocha d'aois í Thandekile agus tá beirt pháiste aici. Nomatter is ainm don chailín bliain déag d'aois agus tá mac ocht mbliana d'aois aici darbh ainm Forward.

Toisc go gcónaíonn na daoine seo i ngiorracht don teorainn leis an Afraic Theas, bíonn teaghlaigh ann a mbíonn daoine muinteartha leo ag obair agus ag maireachtáil san Afraic Theas.

Tá an t-ocras roimh Thandekile agus an chlann toisc gur chuir Covid-19 go mór le drochthionchar an triomaigh agus an athraithe aeráide, rud a chiallaigh nach raibh sé ar acmhainn ag daoine ioncam a thuilleamh.

Fuair a fear céile Donovan bás de bharr Covid-19, agus anois tá sí ag brath ar fhéile lucht strainséartha le gur féidir leis an teaghlach maireachtáil go fóill.

Mí na Samhna 2020, bhuail an tubaiste an teaghlach a bhí i mbaol cheana féin. Tháinig an Covid-19 agus fuair fear céile Thandekile, Donovan (35), a bhí ag obair san Afraic Theas le hairgead a thuilleamh dóibh, bás den ghalar. Fágadh Thandekile mar bhaintreach agus an eagla anois uirthi go bhfaigheadh sí féin bás den Covid-19 agus nach mbeadh duine ar bith ann le haire a thabhairt dá páistí.

Nuair a labhair Thandekile le Donovan den uair dheireanach, bhí obair an lae san Afraic Theas críochnaithe aige agus bhí gach rud go breá. An lá dár gcionn dúradh le Thandekile nach bhféadfadh Donovan labhairt ná análú. Tugadh ar an bpointe chuig an ospidéal é ach fuair sé bás den Covid-19 ann.

Buille tubaisteach do Thandekile a bhí ann, agus tharla an bás chomh tobann san nach bhféadfadh na páistí glacadh leis nach bhfeicfidís an t-athair arís, nach labhróidís riamh leis.

**'Ghoill bás m'fhear céile go mór orm. D'fhan mé ar leaba ar feadh i bhfad. Ní raibh a fhios agam conas mar a d'fhéadfaí leanúint ar aghaidh agus na páistí a thógáil gan athair ar bith a bheith acu. Chuir bás Donovan isteach go mór ar na leanaí chomh maith. Athair maith a bhí ann dóibh, agus fear céile maith domsa', arsa Thandekile.**

Bhí drochthionchar ag an Covid-19 ar Thandekile agus ar an bpobal sa tSiombáib. Toisc go raibh sí go mór i ndiaidh Donovan, ní fhéadfadh Thandekile bia a sholáthar i gceart don teaghlach. Ní raibh ar a cumas an fheirmeoireacht a dhéanamh, rud a

chiallaigh nár cuireadh na barraí in am, ionas go rabhadar i mbaol ón mbáisteach trom.

'Ba dheacair an saol é ó thaobh airgid, toisc gur eisean a bhí mar shaothraí. Ní fhéadfainn dul ag obair agus ioncam a thuilleamh de bharr tinnis agus toisc go raibh mé faoi strus. Ní raibh sé ar acmhainn agam fiacha scoile na leanaí a íoc, ná éadaí scoile ná bunriachtanais eile a chur ar fáil don teaghlach de bharr easpa airgid.'

'Tá súil le Dia agam go mairfidh mé go dtí go mbíonn siad tógtha agam agus iad in aois le haire a thabhairt dóibh féin,' a deir sí. Tá Thandekile lán den chreideamh agus is inspioráideach an rud a deir sí faoin 'Ár nAthair':

**'Bronnann an 'Ár nAthair' neart, dóchas agus misneach nuair a bhíonn sé crua orm.'**

Sular tharla an Covid-19, bhí Thandekile agus an chlann i mbaol ocrais toisc gur theip go minic ar na barraí de bharr na báistí troime, nó de bharr an triomaigh. Laethanta áirithe ní bhíodh bia ar bith acu, agus ní raibh sé ar acmhainn ag an bpobal cabhrú leo. Shocraigh Thandekile ar éadaí na mban a cheannach agus a dhíol le hairgead a thuilleamh don teaghlach. Chuir an Covid-19 deireadh lena leithéid toisc gur cuireadh srianta le cúrsaí ghnó agus taistil.

**'Tá súil agam go dtiocfaidh fás ar an ngnó a bhunaigh mé ionas gur féidir liom aire a thabhairt do na páistí. Ba mhaith liom go bhfreastalódh na páistí ar scoil agus go n-éireodh go maith sa saol leo. Is iad an bia agus an t-airgead, na tíolacthaí is mó a bhronnfadh daoine orainn, toisc go mbímid ag brath orthu le fanacht beo. Is ábhar dóchais domsa é a bheith ar an saol go fóill, tar éis na fulaingthe. Is cuma cad iad na deacrachtaí a bhíonn romhat sa saol, is gá éirí, leanúint leis an obair ar son na bpáistí, agus a bheith dóchasach in aghaidh na ndeacrachtaí.' Gabhaim buíochas le muintir na hÉireann as an gcabhair ar fad a chuireann siad ar fáil dúinn. Ná déanaigí faillí ar bith ionainn, le bhur dtoil.'**

Cabhraíonn Thandekile le hobair bhaile na bpáistí. Grianghraf: Cynthia Matonhodze, Trócaire



Creideann Thandekile go láidir go dtiocfaidh feabhas ar chúrsaí. Ba mhaith léi siopa a oscailt ina aice baile, agus na héadaí a cheannaíonn sí a dhíol ansin. Bheadh sé níos éasca ansin uirthi a cuid oibre a dhéanamh agus an gnó a fhorbairt. Ba bhreá léi go mbeadh sé ar acmhainn aici teastas tiomána a bheith aici agus carr a cheannach. Ba mhaith léi go mbeadh teach nua aici agus go mbeadh saol maith i ndán don chlann chomh maith.

Freastalaíonn Nomatter (11) agus Forward (8) ar an mbunscoil áitiúil. Sula siúlann siad ar scoil beireann siad uisce abhaile ón tollpholl, glanann siad na gréithe, agus níonn siad na hurláir sa teach ina bhfuil cónaí orthu.

Tá crainn dheasa agus bláthanna mórthimpeall na scoile, agus foireann chaoin ag múineadh inti. Is aoibhinn leis na páistí a bheith ag scríobh agus ag súgradh leis na cairde ar scoil. Tugann Thandekile cabhair leis an obair bhaile dóibh sa tráthnóna, itheann siad an dinnéar lena chéile agus pléann siad cúrsaí an lae.

Ní ceart go mbeadh deacracht ag Thandekile na páistí a chothú, na fiacha scoile a íoc, agus na bunriachtanais agus leigheas a chur ar fáil dóibh toisc nach bhfuil ioncam rialta aici. Má thugann lucht tacaíochta Trócaire in Éirinn cabhair dóibh, beidh siad ag súil leis a bheith dóchasach as an todhchaí, ionas go mbeidh ar a gcumas aire a thabhairt dóibh féin. I rith an Charghais seo beidh lucht tacaíochta Trócaire in Éirinn ag cabhrú le Thandekile agus leis na mílte eile mar aon léi, trí uirlisí, trealamh, eolas agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh. Ciallóidh a leithéid gur féidir leo go leor bia a fhás dóibh féin amach anseo, d'ainneoin thionchar an athraithe aeráide agus an Covid-19.

# OBAIR I gCOMHPHÁIRTÍOCHT: CARITAS BULAWAYO

Tá Trócaire tiomanta chuige, gaolta fadtéarmacha atá bunaithe ar an iontaoibh fhrithpháirteach a chruthú. Táimid ag obair le cuid de na páirtithe seo le breis agus fiche bliain. Creidimid gurbh é an chomhpháirtíocht a chabhraíonn le sochaí bheo a thógáil, ionas gur féidir domhan cóir a chruthú do chách.

Comhoibríonn Trócaire le gníomhaireacht áitiúil Caritas in Ard-Deoise Bulawayo. Bhunaigh comhairle na n-easpag Siombábach Caritas Bulawayo sa bhliain 1972 san Ard-Deoise, agus tugadh An Coimisiún Caitliceach um Fhorbairt air.

Díríonn Caritas Bulawayo ar shlándáil bhia, uisce agus sláintíocht, ar chúram a thabhairt don domhan agus ar ullmhúchán in aghaidh na dtubaistí.

Comhoibríonn Caritas Bulawayo le pobal Thandekile le cinntiú go mbainfidh siad tairbhe as úsáid agus bainistíocht inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha. Tugtar traenáil agra-éiceolaíoch sna feirmeacha, bronntar gach tacaíocht agus bíonn cláir mheantóireachta ar fáil do na feirmeoirí áitiúla.

Déanann Caritas Bulawayo deimhin de gur féidir le Thandekile agus lena clann smacht a bheith acu ar an athrú aeráide, na modhanna feirmeoireachta a fheabhsú, agus go leor bia atá sláintiúil a bheith i gcónaí acu.

Nuair a tharlaíonn go dtagann deireadh leis an táirgeadh áitiúil agus nuair a bhíonn ganntanas bia ann, cuireann Caritas bia agus cabhair oiriúnach eile ar fáil do mhuintir Thandekile.

I rith na paindéime Covid-19 chuir Caritas Bulawayo na treoirlínte sláinte agus sábháilteachta chun cinn. Thacaíodar leis an gcaitheamh clúdach aghaidh agus ní na lámha nuair a bhí traenáil agus cruinnithe ar siúl a bhain leis na feirmeoirí áitiúla. Chuir Caritas Bulawayo áiseanna glantachán lámh ar fáil don chomhluadar in áiteanna oiriúnacha ar nós na scoileanna agus sna hospidéil áitiúla. Cuireadh póstaeir le treoirlínte Covid-19 ar nós na bhfógraí in Éirinn ar taispeáint in ionaid tábhachta i measc an phobail, ar nós: siopaí áitiúla, ionaid choinní, na séipéil agus na gairdíní pobail. Ghlac Thandekile agus an chlann leis na cleachtais Covid-19 seo, le ní na lámha, leis an scaradh sóisialta agus le caitheamh na gclúdach aghaidh.

Toisc go rabhadar ag obair i gcomhpháirtíocht le heagrais áitiúla ar feadh caoga bliain, creideann Trócaire go láidir gur ceart go mbeadh daoine áitiúla go mór chun tosaigh maidir le cur chun cinn an phobail chéanna. Tá Trócaire tiomanta chuige, leis an bplean straitéiseach nua (2021–2025) athrú céime a chur i bhfeidhm ar an obair chomhpháirteach le deimhin a dhéanamh de go mbíonn tromlach na cumhachta i lámha na ndaoine áitiúla nó náisiúnta tríd an bpróiseas a dtugtar 'logánú' air.

Is comhghníomhú é an logánú a bhfuil sé mar aidhm aige a chinntiú go mbeidh na grúpaí áitiúla agus náisiúnta, bídís mar eagrais na sochaí sibhialta nó mar institiúidí poiblí, ag croílár na hoibre forbartha agus na hoibre daonchairdiúla. Ciallaíonn an logánú go mbíonn gá le hathrú cumhachta i measc na n-eagras idirnáisiúnta agus áitiúla, ó thaobh chinnteoireacht straitéiseach de, agus smacht a bheith ar acmhainní.

**'Tugann an logánú deis do na páirtithe áitiúla a gcuid scileanna, an neart agus an t-eolas a bhaineann leo a chur i lár an aonaigh. Is é an logánú an catalaíoch a chinnteoidh cumhachtú na n-eagras áitiúil, le gur féidir leo gach aon fhreagracht a ghlacadh chucu féin'.**

**(Ibrahim Fatu Kamara, Stiúrthóir Cláir, Action for Advocacy and Development, Siarra Leon)**






An tArd-Easpag Alex Thomas (Ard-Easpag Bulawayo). Grianghraf: Oifig na Deoise, Bulawayo; An tAthair Innocent Ndlovu, Ard-Deoise Bulawayo. Grianghraf: Cynthia Matonhodze, Trócaire

# SEO IAD AN tARD-EASPAG ALEX AGUS AN tATHAIR INNOCENT

Is as Kerala na hIndia don **Ard-Easpag Alex**. Is de bhunadh traidisiúnta Caitliceach é. Chuaigh sé isteach in ord Mhisinéirí Bhriathar Dé sa bhliain 1975 agus cuireadh oideachas air i gcliarscoileanna in áiteanna éagsúla san India. Rinne Dia sagart de sa bhliain 1988. Tháinig Alex chun na Siombáibe sa bhliain 1989 agus tá sé ag obair i bparóistí tuaithe ó shin.

Rinneadh Ard-Easpag Bulawayo d'Alex sa bhliain 2009. 69,000 ciliméadar cearnach achar na deoise, agus an tír-raon garbh go leor. Bíonn gá le feithiclí láidre le taisteal thart chuig na misin iargúlta. Freastalaíonn beagnach céad sagart ar na misin agus ar na paróistí éagsúla.

Tuigeann an tArd-Easpag Alex go maith an tionchar atá ag an athrú aeráide ar an Ard-Deoise.

**'Is é seo an staid ina bhfuilimid: leanann leis an triomach, tá easpa bia agus uisce i gcónaí ann, agus tá na daoine anseo beo bocht.'**

Tá an Ard-Deoise, trí mheán Caritas Bulawayo, ag comhoibriú le Trócaire ón mbliain 2011 i leith. Cuireadh naoi gclár i bhfeidhm sa dúiche sin a bhain le poist a chruthú, slándáil bhia, uisce agus sláintíocht, cumhachtú na mban, mionghairdíní glasraí a bhunú, agus infreastruchtúr nua a chur ar fáil do na scoileanna.

Comhoibríonn an Ard-Deoise agus Trócaire lena chéile faoi choimirce Caritas Bulawayo. Tá foireann acusan a chónaíonn agus a dhéanann dea-obair sna ceantair thuaithe.

Tá na daoine seo cáilithe go maith, agus tuigeann siad muintir na háite, an teanga agus an cultúr áitiúil. Dá bhrí sin bíonn sé éasca dóibh caidreamh a dhéanamh leis an gcomhluadar agus traenáil is oideachas a chur ar fáil dóibh.

**'Tá foireann Trócaire thar a bheith cumasach agus tuigeann siad riachtanais an phobail. Pléann siad cúrsaí le pearsanra Caritas. Déanann siad staidéar allamuigh le cúrsaí a mheas dóibh féin. Cuireann siad traenáil ar fáil don phobal áitiúil maidir leis na modhanna feirmeoireachta éiceabhácha is nuaí atá ann. Measaim go bhfuil gaol an-mhaith againn le Trócaire.'**

Deir an tArd-Easpag Alex linn go mbíonn tionchar leanúnach ag Covid-19 ar go leor de mhuintir na háite, go háirithe ó thaobh an bháis de. Bhí ar an bpobal áitiúil an mhuintir mhuirneach a fuair bás a chur, gan ómós ceart a thabhairt dóibh ó thaobh na sochraide de. Ní fhéadfaí na socruithe lochtacha sin a leigheas. Chuir an Covid-19 go mór le drochthionchar an athraithe aeráide agus leis an triomach a tharla dá bharr.

Is mór ag an Ard-Easpag Alex tacaíocht a fháil ó mhuintir na hÉireann agus ó na sagairt is na heaspaig. Is é an rud is fearr a d'fhéadfaidís san a dhéanamh ná guí ar son mhuintir na Siombáibe.

Luann sé tíolacadh an chreidimh a roinnimid lena chéile mar phobail chreidimh in dhá thír éagsúla:

**'Ní gá a rá go roinneann Caitlicigh an domhain an spiorad céanna. Táim buíoch den chreideamh agus den tacaíocht dhaonnúil. Iarraim orthu a bheith chomh fial agus is féidir leo, agus cabhair a sholáthar leis an nganntanas bia a leigheas. Tá géarghá againn le cúram sláinte, le hoideachas, le sláintíocht agus le go gcuirfí obair ar fáil dúinn. Ní féidir linne sibh a chúiteamh as an gcabhair seo, ach amháin go mbímid cinnte de, guí ar bhur son nuair a chruinnímid ag Aifreann an Domhnaigh. Molaim daoibh leanúint leis an bhfóirithint seo a thabhairt trí ghrásta an Naoimh Spioraid.'**

Is sagart é an tAthair Innocent Ndlovu in Ard-Deoise Bulawayo. Is údar cumasach é an tAthair Innocent chomh maith. Tá an méid seo le rá aige:

**'Bíonn áthas orm freastal ar an bpobal, ar an gcomhluadar áitiúil ach go háirithe. Sagart áitiúil a rugadh agus a tógadh anseo mé. Oibrím san áit ina raibh cónaí orm. Níor chreid mé riamh go dtarlódh a leithéid. Is mór an sásamh é, a bheith ag freastal ar mo mhuintir féin.'**

Tá súil ag an Athair Innocent go mbeidh saol sláintiúil ag pobal na bparóistí lena mbaineann sé agus go mbeidh rath fisiceach agus spioradálta orthu, agus iad saor ó Covid-19. Ba mhaith leis go mbeadh ar a gcumas teacht lena chéile arís le Dia a ghlóiriú.

An bhuairt is mó atá air ná go mbíonn an fhulaingt agus an t-ocras le sonrú i measc na ndaoine san áit ina mbíonn sé ag obair. Is gá iad a shaoradh ón mbochtaineacht agus ón ocras a bhuaileann iad de bharr an athraithe aeráide agus atá níos measa anois de bharr an triomaigh agus de bharr Covid-19. Tá mórchuid daoine ag fulaingt. Bíonn pobal an pharóiste ag brath ar na gaolta a bhíonn ag obair san Afraic Theas, nach bhfuil rófhada uathu. Bíonn gaol éigin atá ag obair ann ag gach teaghlach beagnach, ach ní fhéadfadh na hoibrithe sin airgead a chur abhaile i rith na paindéime.

Deir an tAthair Innocent:

**'Bhí drochthionchar ag an Covid-19 orainn, agus ar an aos óg ach go háirithe, toisc go mbíonn cothú rialta de dhíth orthu. Bímid ag brath go mór ar an Afraic Theas. Roinneann siad ár dteorainn ó dheas linn, agus mura mbíonn teacht againn ar bhia nó ar earraí grósaera a cheannach de bharr Covid, is iad na páistí is mó a bhíonn thíos leis.'**

Chomh maith leis an Ard-Easpag, ba mhaith leis an Athair Innocent buíochas a ghabháil le muintir na hÉireann as na paidreacha agus as an bhflaithiúlacht a léiríonn siad, agus tionchar chomhpháirtíocht Trócaire agus Caritas Bulawayo á aithint aige. Bíonn an cúnamh ó Caritas ag cabhrú le go leor teaghlaigh bhochta sa pharóiste ionas gur féidir leo teacht thar an triomach agus cur suas le paindéim Covid-19. Deir sé:

**'Bhí tionchar an-mhór ag Caritas orainn, ó thaobh bia a sholáthar ach go háirithe. Cabhraíonn siad leis an bpobal áitiúil feirmeoireacht fheabhsaithe a dhéanamh trí bhealaí nua curadóireachta a mhúineadh dóibh. Spreagann foireann Caritas an pobal agus cabhraíonn siad leo a bheith neamhspleách.'**

Ba mhaith leis an Athair Innocent a mheabhrú dúinn go gcónaímid i mbaile na comhchruinne agus go mbíonn muintir an pharóiste aige siúd, thar a bheith buíoch de chabhair ar bith a fhaigheann siad, a chuirfidh bunriachtanais an tsaoil ar fáil don phobal ansin.

Bhí áthas ar an Ard-Easpag Alex agus ar an Athair Innocent a chloisteáil go bhfuil seirbhís urnaí istigh sa leabhar paidreoireachta a chuirimid ar fáil, ar mhaithe leis na daoine a fhulaingíonn de bharr Covid-19. Níor chuir paindéim úrnua ar bith eile go dtí seo ina luí orainn cé chomh mór is a bhímid ag brath ar a chéile agus cé chomh beag é baile na comhchruinne. Nascann an creideamh, ár gcuid paidreacha agus an dóchas atá ionainn le chéile muid agus sinn ag súil le todhchaí níos fearr a bheith ann do chách.

Tástáil teochta roimh dul ar scoil do na páistí . Grianghraf: Cynthia Matonhodze, Trócaire



# AN PARÓISTE GNÍOMHACH: SPRIOCANNA LAUDATO SI’

Bhí muintir na Siombáibe ag streachailt leis an saol cheana féin agus iad ag iarraidh bia, uisce agus oideachas a chur ar fáil do na teaghlaigh in aghaidh an triomaigh de bharr an athraithe aeráide, ach chuir paindéim Covid-19 go mór lena gcuid fadhbanna.




Is práinneach an rud é go gcaithfear gníomhú in aghaidh an athraithe aeráide. Cinnteoidh sé seo go mbeidh todhchaí níos fearr i ndán dúinn féin anseo mar theaghlach is mar phobal, agus dár ndeartháireacha agus dár ndeirfiúracha sa teaghlach domhanda.

Sheol an Pápa Proinsias na spriocanna Laudato Si’ i mí na Bealtaine 2021. Is gá gníomhú láithreach, agus is bealach luachmhar smaointeach iad na spriocanna le freagairt a thabhairt ar an ngéarchéim éiceolaíoch. Is treoirphlean dár ngníomhartha é na spriocanna Laudato Si’. Cuireann an treoirphlean seo cur chuige iomlánaíoch os ár gcomhair a thacaíonn le réabhlóid spioradálta agus cultúrtha, agus muid ag iarraidh todhchaí níos fearr a thógáil atá bunaithe ar an mbunéiceolaíocht agus ar an inbhuanaitheacht iomlán.

**‘Aontaigh clann Dé lena chéile … tuigimid gur féidir athrú a chur i bhfeidhm.’**

**(*Laudato Si’*, 13)**

Tá straitéisí ann gur féidir iad a chur i ngníomh a mhaolódh ar thionchar an athraithe aeráide go háitiúil nó ar bhonn domhanda, agus luaitear cuid acu ag: https://laudatosiactionplatform.org/

Molaimid go nglacfadh sibhse mar pharóiste le dhá sprioc Laudato Si’ le cur i bhfeidhm i rith an Charghais, agus na cinn eile a chur i bhfeidhm de réir a chéile.

### Sprioc 1: Modh Maireachtála Simplí a Ghlacadh

Má theastaíonn uainn modh maireachtála inbhuanaithe a chaitheamh, beidh sé bunaithe

ar mhodh an dóthain, agus ar an mheasarthacht maidir le húsáid na n-acmhainní agus an fhuinnimh. Is fiú athchúrsáil a dhéanamh agus laghdú ar dhiomailt, nósanna inbhuanaithe cothaithe a ghlacadh (níos lú feola a ithe, níos mó bia phlandabhunaithe), iompar poiblí a úsáid, siúl nó rothaíocht in ionad carr a úsáid, agus earraí aonúsáide a sheachaint.

### Sprioc 2: Freagairt ar Ghairm na mBocht

Má theastaíonn uainn freagairt a thabhairt ar ghairm na mbocht caithfear an chóir éiceolaíoch a chur chun cinn. Caithimid beatha an duine a chosaint ó ghiniúint go bás, agus gach aon bheatha eile ar domhan a chosaint chomh maith. Caithimid an dlúthpháirtíocht a chur chun cinn agus aire a thabhairt do dhaoine leochaileacha; an pobal dúchasach, na teifigh, imircigh agus daoine óga a bheadh i mbaol. Caithfear na cláir shóisialta agus na seirbhísí sóisialta a fheabhsú.

Tá nasc ann idir na spriocanna Laudato Si’ agus na smaointe seo a thagann ó *The Cry of the Earth and the Cry of the Poor*, litir thréadach a scríobh an tArd-Easpag Dermot Farrell, agus a d’fhoilsíodh mí Mheán Fómhair 2021.

**‘Cuireann Dia gairm orainn mar dhaoine indibhidiúla agus mar phobal, leas an domhain a shaothrú ar mhaithe le cách. Breathnaítear ar an reiligiún uaireanta mar easpa an mhisnigh intleachtaigh. Ní teitheadh ón saol é an reiligiún áfach. Tugann an creideamh beo treoirphlean dúinn maidir le gníomhú agus cinneadh a dhéanamh. Beidh orainne, mar Eaglais agus mar phobal, machnamh domhain práinneach a dhéanamh maidir leis an mbealach ina mbeimid ag déileáil leis an athrú aeráide. Mura ndéanann tú ar do shon féin é, déan ar son na bpáistí é, agus ar son pháistí an domhain. Bí gníomhach.’**

Cuireann an tArd-Easpag Farrell gairm chun gnímh orainn le cinntiú go mbeidh todhchaí shábháilte i ndán dár gcuid páistí. Ba cheart go spreagfadh a leithéid de ghlao, sinne mar phobal an pharóiste le cuid de na spriocanna i *Laudato Si’* a chur i bhfeidhm.

**Gníomhaíocht phraiticiúil eile:**

- Smaoinigh ar scéal Thandekile agus ar an mbealach ina gcaitheann sí féin agus na páistí Nomatter agus Forward an saol. Cuimhnigh ar an tionchar a bhíonn ag ár ngníomhartha féin ar an domhan. Cuirigí an cheist seo oraibh féin: An bhfuil nasc ann idir na spriocanna thuasluaite agus saol na ndaoine a chónaíonn in éineacht le Thandekile sa tSiombáib?
- Spreag pobal agus grúpaí an pharóiste le páirt a ghlacadh sa tseirbhís urnaí agus i spriocanna Laudato Si’
- Déan obair dheonach le Trócaire, agus bí ag obair ar son an domhain chóir inbhuanaithe
- Tá breis acmhainní agus eolas faoi fheachtais Trócaire ar fáil ar an suíomh idirlín



Muintearas á dhéanamh ag Thandekile lena cuid páistí.
Grianghraf: Cynthia Matonhodze, Trócaire

# Tá ábhar eile don Charghas, an Leabhar Urnaí, Acmhainn Oideachais Reiligiúnach do Pháistí, nótaí aithisc, machnaimh agus Turas na Croise ar fáil anseo


**Scríbhneoirí**

- Údar: Colm Hogan, Trócaire
- Mary Coogan, Trócaire


Grianghraf an Chlúdaigh: Thandekile agus a cuid páistí, Nomatter (11) agus Forward (8). Grianghraf: Cynthia Matonhodze, Trócaire

**Bí linn ar:**

- **Facebook:** facebook.com/trocaireireland – bí i dteagmháil
- **Twitter:** twitter.com/trocaire – na tvuíteanna is déanaí
- **YouTube:** youtube.com/trocaire – tacaíonn sibh leis na daoine seo
- **Vimeo:** vimeo.com/trocaire – féach ar na físeáin
- **Instagram:** instagram.com/trocaireonline – físeáin agus grianghraif


**Bí i dteagmháil:**

Trócaire, Maigh Nuad,
Co. Chill Dara, Éire
F: +353 (0)1 629 3333
R: colm.hogan@trocaire.org

Trócaire, 50 Sráid an Rí,
Béal Feirste BT1 6AD,
Tuaisceart Éireann
F: +44 (0) 28 90 808 030
R: infoni@trocaire.org

Trócaire, 9 Sráid an
Chócaigh, Corcaigh, Éire
F: +353 (0)21 427 5622
R: corkcentre@trocaire.org


**www.trocaire.org**


Glacann Trócaire go mór chugainn féin na dualgais atá orainn maidir le do shonraí pearsanta, agus táimid tiomanta chuige, cloí leis an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta um chosaint sonraí, siad sin An tAcht um Chosaint Sonraí 1988–2018 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS – uathrialaithe i mballstáit AE Bealtaine 2018). Le breis eolais a fháil maidir leis an mbealach ina ndéanaimid do chuid sonraí a phróiseáil is a chosaint, téigh chuig trocaire.org/privacy-security nó is féidir cóip den ráiteas príobháideachta a lorg uainn.



TAG: CHG1